CINNEADH (AE) 2022/1613 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 9 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2016/948 maidir le cur chun feidhme chlár cheannaigh na hearnála corparáidí (BCE/2016/16) *(BCE/2022/29)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 127(2), an chéad fhleasc, de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 12.1, an dara fomhír, de, in éineacht le hAirteagal 3.1, an chéad fhleasc, agus Airteagal 18.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Meitheamh 2022, chinn an Chomhairle Rialaithe creat chlár ceannaithe na hearnála corparáidí (corporate sector purchase programme, CSPP) a leasú chun tagarmharc CSPP a "scagadh" i leith eisitheoirí a bhfuil feidhmíocht aeráide níos fearr acu. Sa chomhthéacs sin, shonraigh an Chomhairle Rialaithe go gciallaíonn "úsáid" go méadófar sciar na sócmhainní ar chlár comhardaithe an Eurochórais arna eisiúint ag cuideachtaí a bhfuil feidhmíocht aeráide níos fearr acu i gcomparáid leis an sciar atá ag cuideachtaí a bhfuil feidhmíocht aeráide níos boichte acu. Ina theannta sin, chinn an Chomhairle Rialaithe teorainneacha aibíochta a fhorchur le haghaidh bannaí eisitheoirí a bhfuil feidhmíocht aeráide níos boichte acu. Ba cheart feidhmíocht aeráide eisitheoirí a thomhas trí thagairt a dhéanamh dá n-astaíochtaí gás ceaptha teasa, do leibhéal uaillmhéine a spriocanna laghdaithe carbóin agus dá nochtuithe a bhaineann leis an aeráid. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht aeráide eisitheoirí agus ba cheart na tosca claonta a ríomh trí úsáid a bhaint as modheolaíocht arna formheas ag an gComhairle Rialaithe.

(2) Tagann sé sin sna sála ar athbhreithniú na Comhairle Rialaithe ar an straitéis beartais airgeadaíochta, agus an plean gníomhaíochta a ghabhann leis an aeráid, a foilsíodh an 8 Iúil 2021 ([1]). Sa chomhthéacs sin, d'aithin an Chomhairle Rialaithe gur dúshlán domhanda agus tosaíocht beartais don Aontas Eorpach é aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, agus chuir an Chomhairle Rialaithe chun suntais go ndéanann an t-athrú aeráide agus an t-aistriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe difear don ionchas maidir le cobhsaíocht praghsanna trína dtionchar ar tháscairí maicreacnamaíocha éagsúla agus trí tharchur an bheartais airgeadaíochta. D'fheadfadh tionchar ag rioscaí fisiceacha agus aistrithe a bhaineann leis an athrú aeráide ar luach agus do phróifíl riosca na sócmhainní arna sealbhú ar chlár comhardaithe an Eurochórais. Is amhlaidh atá, go háirithe, i gcás ceannacháin sócmhainní san earnáil chorparáideach, toisc go bhfuil rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid do chlár comhardaithe an Eurochórais níos airde i gcás ceannachán glan amach ná i gcás oibríochtaí iasachtaithe. Dá bhrí sin, tá gá leis na bearta chun go ndéanfaidh an tEurochóras bainistiú, ar an mbealach is éifeachtaí is féidir, ar na rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid a bhfuil sé neamhchosanta orthu agus beartas airgeadaíochta á chur chun feidhme aige, chun a phríomhchuspóir a bhaint amach, is é sin cobhsaíocht praghsanna a chothabháil. Is cuid de shainmhíniú agus de chur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta, mar a léirítear freisin in Airteagal 18.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (dá ngairtear "Reacht CEBC" anseo feasta), bearta arna gceapadh chun teorainn a chur leis an riosca a bhaineann le caillteanais airgeadais a ghlacadh ag an Eurochóras, ar dá mbun a fhéadfaidh an tEurochóras oibríochtaí creidmheasa a sheoladh le hiasachtú bunaithe ar chomhthaobhacht leordhóthanach.

(3) De bhun Airteagail 127(1) agus 282(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), mar atá léirithe in Airteagal 2 de Reacht CEBC, gan dochar do chuspóir na cobhsaíochta praghsanna, tacóidh an tEurochóras leis na beartais ghinearálta eacnamaíocha san Aontas d'fhonn rannchuidiú le cuspóirí an Aontais a bhaint amach, mar atá siad leagtha síos in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Áirítear ar na cuspóirí sin ardleibhéal cosanta agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil. Leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ("an Dlí Aeráide Eorpach") cuspóir ceangailteach maidir le haeráidneodracht san Aontas faoi 2050 d'fhonn an sprioc fhadtéarmach teochta a leagtar amach i gComhaontú Pháras a shaothrú ([3]). Ós rud é go ndéanann an Dlí Aeráide Eorpach difear do gach gné fhéideartha den bheartas eacnamaíoch san Aontas, tá sé ina chuid de na beartais eacnamaíocha ghinearálta san Aontas, a bhfuil sé de cheangal ar BCE tacú leo. I bhfianaise an mhéid thuas, agus a hionstraimí beartais airgeadaíochta á gcoigeartú aici, roghnóidh an Chomhairle Rialaithe an chumraíocht is fearr a thacaíonn le beartais eacnamaíocha ghinearálta an Aontais, ar choinníoll go mbeidh dhá fhoirmíocht den ionstraim a shocrófar chomh fabhrach céanna agus nach ndéanfaidh siad dochar do chobhsaíocht praghsanna. Tá sé beartaithe go mbeidh sé d'éifeacht ag breithnithe maidir leis an athrú aeráide a ionchorprú i

([1]) Ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) ag www.ecb.europa.eu

([2]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ("An Dlí Aeráide Eorpach") (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

([3]) Comhaontú Pháras arna ghlacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4).

leithdháileadh tagarmharcanna an riosca airgeadais a bhaineann leis an aeráid ar chlár comhardaithe an Eurochórais a laghdú, trí dhéine carbóin shealúchais chorparáideacha an Eorachórais a laghdú. Tá an beart ceaptha chun éifeacht neodrach a bheith aige ar an seasamh maidir le beartas airgeadaíochta ar choinníollacha foriomlána maoinithe. Ós rud é go bhfuil an beart seo chomh fabhrach céanna agus nach ndéanann sé dochar do chobhsaíocht praghsanna, tacaíonn a thabhairt isteach freisin leis na beartais eacnamaíocha ghinearálta san Aontas.

(4) Maidir le breithnithe maidir leis an athrú aeráide a ionchorprú i leithdháileadh na dtagarmharcanna, mar aon le teorainneacha aibíochta a thabhairt isteach le haghaidh bannaí eisitheoirí a bhfuil feidhmíocht aeráide níos boichte acu, tacaíonn siad freisin le comhréireacht CSPP toisc go maolaíonn siad an riosca fadtéarmach a mheastar a bhaineann leis an aeráid don Eorachóras a eascraíonn as a cheannach sócmhainní corparáideacha, rud a áirithíonn nach dtéann CSPP thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóir a bhaint amach. Ina theannta sin, tá an mhodheolaíocht chlaonta le haghaidh thagarmharc CSPP ceaptha chun é féin a bheith comhréireach. Cuirtear san áireamh ann trí chatagóir oibiachtúla méadrachta a bhaineann go díreach le hastaíochtaí agus, dá bhrí sin, an riosca airgeadais a bhaineann leis an aeráid agus an aeráidneodracht: ar an gcéad dul síos, astaíochtaí carbóin eisitheora san am atá thartar an dara dul síos, méadracht aeráide réamhbhreathnaitheach, amhail an bhfuil spriocanna uaillmhianacha inchreidte dícharbónaithe i bhfeidhm ag eisitheoirí, agus úsáid á baint as modheolaíochtaí leordhóthanacha; agus ar an tríú dul síos, cáilíocht agus iomláine nochtuithe aeráide eisitheoirí agus fíorú na nochtuithe sin ag tríú páirtithe. Thairis sin, cuirtear san áireamh i ndearadh na modheolaíochta scórála aeráide, mar threoir, na forálacha maidir leis na ceanglais le haghaidh Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras faoi Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Ar deireadh, déanfar an mhodheolaíocht scórála aeráide a athbhreithniú agus a nuashonrú, de réir mar is gá, chun an méadú atá ag teacht ar shonraí agus samhlacha aeráide a léiriú, chomh maith le forbairtí rialála ábhartha agus an dul chun cinn i gcumais measúnaithe riosca, amhail trí thástálacha struis aeráide ar chlár comhardaithe an Eurochórais.

(5) Ina theannta sin, agus breithnithe maidir leis an athrú aeráide á gcur san áireamh sa leithdháileadh tagarmharcanna, cuireann an tEurochóras rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid, forbairtí rialála agus dlíthiúla, agus infhaighteacht agus cáilíocht reatha na sonraí san áireamh, agus fós raon feidhme leathan na gclár ceannaigh a choinneáil i gcomhréir leis an oibleagáid gníomhú i gcomhréir le prionsabal geilleagair mhargaidh oscailte le saoriomaíocht, rud a bheidh i bhfabhar leithdháileadh éifeachtúil acmhainní.

(6) Ar deireadh, áirithítear leis an mbeart seo go gcomhlíonann CSPP oibleagáidí an Eurochórais go hiomlán faoi Airteagal 11 CFAE, lena gceanglaítear go ndéanfar ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil a chomhtháthú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear beartas airgeadaíochta an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, áirithítear leis go gcomhlíonann CSPP oibleagáidí an Eurochórais faoi Airteagal 7 CFAE, lena gceanglaítear ar an Aontas comhsheasmhacht a áirithiú idir a bheartais agus a ghníomhaíochtaí.

(7) Ba cheart don Eurochóras an t-athrú a chur i bhfeidhm ar an leithdháileadh tagarmhairc a leagtar síos sa Chinneadh seo i ndáil le hidirbhearta a shocraítear an 1 Deireadh Fómhair 2022 nó ina dhiaidh sin.

(8) Ba cheart mar sin Cinneadh (AE) 2016/948 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2016/16) ([5]) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú

I gCinneadh (AE) 2016/948 (BCE/2016/16), cuirtear an tAirteagal 4a seo a leanas leis:

"*Airteagal 4a*

([4]) Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1).

([5]) Cinneadh (AE) 2016/948 ón mBanc Ceannais Eorpach an 1 Meitheamh 2016 maidir le cur chun feidhme chlár cheannaigh na hearnála corparáidí (BCE/2016/16) (IO L 157, 15.6.2016, lch. 28).

Breithnithe maidir leis an athrú aeráide a ionchorprú i leithdháileadh na dtagarmharcanna

Déanfar breithnithe maidir leis an athrú aeráide a ionchorprú sa leithdháileadh tagarmhairc dá dtagraítear in Airteagal 4(3), go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar bhainistiú neamhchosaint an Eorachórais ar rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid, i gcomhréir leis an modheolaíocht arna formheas ag an gComhairle Rialaithe. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le idirbhearta a shocraítear an 1 Deireadh Fómhair 2022 nó ina dhiaidh sin.”.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 26 Meán Fómhair 2022.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 9 Meán Fómhair 2022.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE